

# Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann  
Irish Tax and Customs

## **Dréacht-Ráiteas Straitéise Ráiteas Straitéise 2015-2017**

## Réamhrá Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim

Tar éis roinnt blianta a bhí thar a bheith dúshlánach, tá geilleagar na hÉireann ag teacht aniar, rud atá le feiceáil i bhfáltais mhéadaithe an Stáitchiste. Tá ról ríthábhachtach ag na Coimisinéirí Ioncaim mar lucht riartha cánach agus custaim na hÉireann, agus iad ag bailiú cánacha agus dleachtanna atá dlite don Stát. Tá na fáltais seo mar bhonn agus taca ag cumas an Rialtais ár n-oibleagáidí féich a íoc, chomh maith le seirbhísí agus áiseanna ríthábhachtacha a mhaoiniú don tsochaí.

Is eagraíocht muid atá dírithe ar chloí, agus é mar aidhm againn seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil, chun gur féidir lenár gcustaiméirí a bheith ag cloí go deonach. Aithnímid iarrachtaí thromlach mór ár gcustaiméirí agus na ndaoine a bhíonn ag obair ar a son a chomhdaíonn á dtuairisceáin agus a íocann na cánacha agus na dleachtanna atá againn orthu in am agus gan idirghabháil dhíreach a bheith déanta againne.

Tá ár Ráiteas Straitéise le haghaidh 2015-2017 ceaptha thart timpeall ar dhá phríomhthosaíocht straitéiseacha - é a dhéanamh níos éasca agus níos saoire cloí go deonach agus neamhchloí a aithint agus dul i ngleic leis. Beidh féinseirbhís agus bealaí leictreonacha mar phríomhbhealaí soláthair seirbhíse againn. Déanfaimid tosaíocht d'infheistíocht sna bealaí seo chun cáilíocht, tráthúlacht agus éascaíocht tuisceana an eolais agus na tacaíochta a chuirtear ar fáil trí na bealaí seo a chinntiú. Spreagfaimid agus tacóimid go gníomhach le teagmháil linn trí na bealaí seo. I gcás nach bhfuil teagmháil leictreonach nó féinseirbhíse mar rogha inmharthana, déanfaimid tosaíocht d'eispéireas seirbhís teileafóin den chéad scoth, rud a bheidh curtha in oiriúint do riachtanais ár gcustaiméirí. Beidh ardchaighdeán ag baint leis, agus é ag cur freagraí luatha ar cheisteanna/fiosruithe ár gcustaiméirí ar fáil.

Bonn an-tábhachtach atá lenár dtiomantas do thacú le cloí deonach ná go dtéimid i ngleic le neamhchloí ar bhonn tosaíochta riosca. Agus muid mar eagraíocht cloí, ní hionadh ar bith é go bhfuil agus go mbeidh cloí mar phríomhfhócas againn sna trí bliana amach romhainn. Chuige seo, táimid tiomanta do chur leis an obair atá déanta againn go dtí seo chun úsáid sonraí agus úsáid anailísíochta agus bealaí cuir chuige measúnaithe riosca a uasmhéadú, ar mhaithe le tarlú, scála agus suntas an neamhchloí a aithint agus ár n-acmhainní a spriodhíriú le dul i ngleic leis na rioscaí seo agus teacht i dtír orthu go rathúil. Táimid diongbháilte dul i ngleic le gach sórt gníomhaíochta sa gheilleagar dubh, dul i ngleic le gníomhaíocht coireachta eagraithe agus smuigleáil, agus aghaidh a thabhairt ar sheachaint ionsaitheach cánach agus dleachta.

Tá na príomhthiománaithe straitéiseacha aitheanta againn a chuirfidh ar ár gcumas ár n-uaimhian agus ár ngealltanais sa straitéis seo a chur i gcrích. Tá gá aige seo le heagrú agus teagmháil le heagraíocht iomlán na gCoimisinéirí Ioncaim, agus le comhoibriú agus teagmháil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ionas gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn. Táimid muiníneach, i bhfianaise ár bhfeidhmíochta láidre go dtí seo, gur féidir linn an gealltanais sa ráiteas straitéise seo a chur i gcrích.

### Cathaoirleach

### Coimisinéir

### Coimisinéir

Freastal ar an bPobal trí chánacha agus dleachtanna a bhailiú agus rialúcháin chustaim a chur i bhfeidhm go cothrom agus go héifeachtúil.

#### Seirbhís le haghaidh Cloí

É a dhéanamh níos éasca agus níos saoire cloí go deonach

#### Dul i nGleic le Neamhchloí

Neamhchloí a aithint, agus dul i ngleic leis go héifeachtach

### Tiománaithe

#### Daoine, Feidhmíocht agus Structúir

Eagraíocht éifeachtúil, inbhuanaithe, lúfar agus gníomhach, ina bhfuil rialachas láidir trína mbítear ag feidhmiú ar ardchaighdeán

#### Teicneolaíocht agus Próisis Ghnó

Uasmhéadú a dhéanamh ar úsáid éifeachtach teicneolaíochta agus ar éifeachtúlacht ár bpróisis ghnó

#### Anailísíocht Sonraí agus Measúnú Riosca

Cinntiú go bhfuil sonraí, anailís agus measúnú riosca mar phríomhthiománai le haghaidh soláthair seirbhíse agus idirghabhálacha cloí

#### Polasaí agus Reachtaíocht

Reachtaíocht agus comhpháirtíochtaí a ghíaráil chun cloí a threisiú agus le cur le forbairt eacnamaíoch

#### Idirnáisiúnta

Ár gcion oibre agus ár dtionchar ar cheisteanna riartha cánach agus custaim idirnáisiúnta a uasmhéadú

## Dréacht-Ráiteas Straitéise, 2015-2017

**Ár Misean:** Freastal ar an bPobal trí chánacha agus dleachtanna a bhailiú agus rialúcháin chustaim a chur i bhfeidhm go cothrom agus go héifeachtúil.

### Ár gCultúr, Éiteas agus Luachanna

- Is eagraíocht riartha cánach agus custaim muid atá dírithe ar chustaiméirí agus ar chloí
- Déanaimid ár ndícheall seirbhís ar ardchaighdeán a éascaíonn cloí deonach a chur ar fáil
- Téimid i ngleic le rioscaí suntasacha, agus cuirimid an dlí i bhfeidhm go cothrom, go stuama agus go comhsheasmhach.
- Déanaimid talamh slán de mhacántacht agus léirímid meas agus cúirtéis
- Déanaimid sonraí agus faisnéis a dhaingniú agus a chosaint agus cloímid lenár n-oibleagáidí rúndachta
- Aithnímid agus foghlaimímid ónár mbotúin agus cuirimid rudaí ina gceart
- Úsáidimid sonraí, faisnéis agus anailís riosca chun neamhchloí amhrasta a aithint, díriú air agus aghaidh a thabhairt air, agus íoslaghdú a dhéanamh ar an gcur isteach ar cháinócóirí comhlíontacha
- Déanaimid nuáil d'fhonn próisis a shimpliú agus ár n-éifeachtacht agus ár bhfeidhmíocht a fheabhsú
- Cruthaímid comhpháirtíochtaí agus téimid i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara le tacú le cloí
- Is mór againn agus tacaímid lenár ndaoine féin, dream a mbímid ag brath orthu le bheith faoi rath
- Cuirimid cultúr an chleachtais is fearr chun cinn sa chaoi a riaraimid bailiú cánach agus dleachta
- Feidhmímid go macánta agus go gairmiúil, agus muid tacaíthe ag ceannaireacht láidir, oscailteacht agus cuntasacht

Straitéisí	Tosaíochtaí	Cuspóirí
<b>Seirbhís le haghaidh Cloí</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Na cánacha agus na dleachtanna cearta a bhailiú ag an am ceart, agus fiacha atá dlite don Státchiste a laghdú</li> <li>- Seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil, go háirithe seirbhísí prémhe digiteacha agus féinseirbhísí, eolas a thuigtear go héasca agus tacaí bainteacha</li> <li>- Próisis agus nósanna imeachta ardchaighdeán a dhearadh agus iad bunaithe ar dheighilt custaiméirí</li> <li>- Tionchar a imirt ar reachtaíocht um chloí</li> <li>- Taighde a dhéanamh ar nithe nuálaíochta agus iad a chur i bhfeidhm ar mhaithe le cloí deonach a uasmhéadú</li> <li>- Straitéis “Teagmhála le Custaiméirí” a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm</li> <li>- Athbhreithniú a dhéanamh ar chreata tacaíochta le haghaidh gnóthaí a bhfuil deacrachtaí sreafa airgid acu</li> <li>- Measúnacht a dhéanamh ar chreata nua le haghaidh ÍMAT, agus é bunaithe ar thuairisciú fíor-ama</li> <li>- Páirt iomlán a ghlacadh in athchóiriú phróiseas na n-achomharc cánach agus na hathruithe riachtanacha a dhéanamh</li> <li>- Íoslaghdú a dhéanamh ar an ualach cloí ar ár gcustaiméirí</li> </ul>	<b>É a dhéanamh níos éasca agus níos saoire cloí go deonach</b>
<b>Dul i nGleic le Neamhchloí</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Foinsí sonraí, anailísíocht agus measúnú riosca atá éiritheach nó atá ar fáil cheana a úsáid chun neamhchloí féideartha a thuar agus a theorannú, go háirithe gníomhaíochtaí an gheilleagair dhuibh</li> <li>- Ár gcreat faisnéise agus bealaí cuir chuige measúnaithe riosca nua a chur i bhfeidhm le cur le húsáid foirne saineolacha agus tiomanta</li> <li>- Aghaidh a thabhairt ar, agus cur isteach ar ghníomhaíochtaí an gheilleagair dhuibh, calaois, trádáil aindleathach, smuigleáil, gníomhaíochtaí coireachta eagraithe agus seachaint ionsaitheach cánach agus dleachta</li> <li>- An idirghabháil chearta a dhéanamh ar an gcustaiméir cearta ag an am cearta.</li> <li>- Na cleachtais is fearr a leabú i bpróisis roghnaithe cásanna, oibríthe cásanna agus idirghabhála</li> <li>- Deiseanna neamhchloí a aithint agus a bhaint</li> <li>- Foirmeacha nua agus éiritheacha neamhchloí a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu</li> <li>- Imscrúdú agus beartú tosaíochta a dhéanamh le haghaidh cásanna ionchúisimh i leith imghabháil agus calaois thromchúiseach cánach agus dleachta</li> <li>- Deiseanna a bhíonn curtha ar fáil ag an gcreat rialaitheach chun teorainn a chur leis an scóip le haghaidh neamhchloí agus seachaint ionsaitheach a ghíaráil</li> </ul>	<b>Neamhchloí a aithint, agus dul i ngleic leis go héifeachtach</b>

Tiománaithe Straitéiseacha				
<p><b>Daoine, Feidhmíocht agus Struchtúir:</b> Eagraíocht éifeachtúil, inbhuanaithe, lúfar agus gníomhach, ina bhfuil rialachas láidir trína mbítear ag feidhmiú ar ardchaighdeán</p>	<p><b>Teicneolaíocht agus Próisis Ghnó</b> Uasmhéadú a dhéanamh ar úsáid éifeachtach teicneolaíochta agus ar éifeachtúlacht ár bpróisis ghnó</p>	<p><b>Anailísíocht Sonraí agus Measúnú Riosca:</b> Cinntiú go bhfuil sonraí, anailís agus measúnú riosca mar phríomhthiománaí le haghaidh soláthar seirbhíse agus idirghabhálacha cloí</p>	<p><b>Polasaí agus Reachtaíocht:</b> Reachtaíocht agus comhpháirtíochtaí a ghíaráil chun cloí a threisiú agus le cur le forbairt eacnamaíoch</p>	<p><b>Go hIdirnáisiúnta:</b> Ár gcion oibre agus ár dtionchar ar cheisteanna riartha cánach agus custaim idirnáisiúnta a uasmhéadú</p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Daoine tréitheacha a mhealladh agus a earcú</li> <li>• Toilleadh agus saineolas inmheánach a thógáil agus a choinneáil trínár bhfoireann agus ár gceannairí a fhorbairt</li> <li>• Próisis bhainistíochta faisnéise a fheabhsú</li> <li>• Struchtúir agus acmhainní a chomhoiriúnú do straitéisí agus athmhúnlú a dhéanamh ar an lucht saothair/ struchtúir le haghaidh riachtanais éiritheacha amach anseo</li> <li>• Teagmháil agus cumarsáid foirne a dhoimhniú</li> <li>• Dul chun cinn a dhéanamh le cláir athnuachana agus athchóirithe an Rialtais</li> <li>• Próisis rialachais agus riosca chorparáidigh a chomhtháthú tuilleadh</li> <li>• Tacú le dea-fheidhmíocht agus í a fheabhsú, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar thearcfeidhmíocht leanúnach</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Seirbhísí digiteacha inmheánacha agus seachtracha a chur ar fáil, chomh maith le leas a bhaint as nithe nuálaíochta le freastal ar riachtanais amach anseo</li> <li>• Slándáil agus príobháideacht a chinntiú trí chur i bhfeidhm bealaí cuir chuige éifeachtacha slándála</li> <li>• Creata láidre rialachais a chur i bhfeidhm chun feabhas soláthair tionscadal agus seirbhíse a chinntiú</li> <li>• Míniú agus barrfheabhsú leanúnach a dhéanamh ar ár bpróisis ghnó chun seirbhísí a fheabhsú, dul i ngleic le rioscaí agus torthaí ardchaighdeán a chur ar fáil, in éineacht le luach inláimhsithe ar airgead</li> <li>• Cur le cláir trasrialtais agus oibleagáidí rialaitheacha a bhaint amach</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Teacht ar, agus úsáid sonraí, faisnéise agus anailísíochta a uasmhéadú chun <ul style="list-style-type: none"> <li>○ barrfheabhsú a dhéanamh ar bhainistíocht éileamh seirbhíse agus soláthar seirbhísí den chéad scoth</li> <li>○ cur le agus tacú le bainistíocht éifeachtach riosca</li> <li>○ feabhsú a dhéanamh ar thionchar ár n-idirghabhálacha bunaithe ar riosca</li> </ul> </li> <li>• Mianadóireacht sonraí agus scileanna anailíseacha a fhorbairt agus a úsáid, in éineacht le rialachas cuí, chun bainistiú agus anailís a dhéanamh ar shonraí agus faisnéis ardcháilíochta a fhorbairt</li> <li>• Anailísíocht sonraí a úsáid le cur le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise, agus measúnú a dhéanamh ar thionchair ár ngníomhartha agus straitéisí</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ionchur agus comhairle ar ardchaighdeán a chur ar fáil don Roinn Airgeadais le tacú le cloí agus le próisis nua-aimseartha cánach agus custaim</li> <li>• Cur le cur i bhfeidhm an Treochláir um Iomaíochas Cánach</li> <li>• Obair i gcomhar leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir chun seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus aghaidh a thabhairt ar neamhchloí</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Clár oibre cánach agus custaim na hÉireann a chur chun cinn go hidirnáisiúnta</li> <li>• Páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfóraim idirnáisiúnta chun ionadaíocht a dhéanamh ar son leas na hÉireann i gcúrsaí cánach agus custaim</li> <li>• Ár líonra conarthaí cánach a leathnú le tacú le hinfheistíocht agus trádáil</li> <li>• Cur le cur i bhfeidhm thionscnaimh an ECFE (OECD) agus tionscnamh gaolmhar idirnáisiúnta</li> <li>• Cuir malartú faisnéise idirnáisiúnta agus próisis chomhaontaithe chun cinn idir údaráis chánach</li> <li>• Acmhainní a bhaint amach chun saineolas ar ghnó agus ceisteanna cánach idirnáisiúnta a neartú</li> <li>• Seasamh na hÉireann mar thír atá tiomanta do thrédhearcacht chánach a choinneáil</li> </ul>

#### Torthaí Beartaithe

- Go mbaileofar an méid ceart cánach agus dleachta
- Cloí deonach tacaithe agus éascaithe
- Laghdú ar mhéid na bhfiach atá dlite don Státchiste
- Eolas agus seirbhísí curtha ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais custaiméirí, agus fiosruithe freagartha/réitithe go tapa
- Straitéis teagmhála le custaiméirí curtha i bhfeidhm go rathúil, rud ba léir ó bhealaí ardchaighdeán agus slána digiteacha agus féinseirbhíse, agus ó eispéireas seirbhíse den chéad scoth.
- Ardleibhéil chloí dheonaigh coinnithe
- Idirghabhálacha ardchaighdeán cásanna dírithe ar riosca déanta go rathúil, a raibh cloí méadaithe mar thoradh orthu

- Feabhsú ar cháil na gCoimisinéirí Ioncaim mar cheann-eagraíocht riaracháin cánach agus custaim atá dírithe ar chustaiméirí, ar rioscaí agus ar thorthaí
- Tacaíocht tugtha d'fhorbairt eacnamaíoch na hÉireann